# Repeat of Leaving Certificate Course Fees

## 1. Introduction

Schools are reminded that applications for a student to repeat a year at post-primary must be processed in full compliance with the provisions of Circular M02/95 – Repeat of a Year of Post-Primary Level.

## 2. Eligibility

Pupils who have sat the Leaving Certificate Examination may be enrolled as recognised pupils to repeat Leaving Certificate Year 2 and the appropriate Leaving Certificate Examination on payment of the appropriate course and examination fees.

## 3. Course Fee

The repeat course fee is **€126.97 per pupil**. Pupils whose parents or guardians are the holders of current medical cards will be exempted from the payment of the course fee on production of the medical card for noting by the school authorities, Circular 0095/2007.

Pupils should also be advised that the course fee is paid on a non-refundable basis, the only exception being where the pupil/parent/guardian becomes the holder of a medical card before 1st February of the academic year in which the repeat is taking place.

**Pupils in respect of whom the course fee is due but not received will not be reckoned as recognised pupils for the purposes of staffing and grant allocations.**

## 4. Payment Instructions

Schools should forward the total amount of the fees due and Form M02/95C not later than the **6th of October** of the school year in which pupils are repeating to:

Schools Division Financial,
Department of Education,
Cornamaddy,
Athlone,
Co. Westmeath
N37 TP65

**Cheques should be made payable to:**
**"The Accountant, Department of Education and Youth"**

## 5. Further Information

Further information or clarification on any of the issues raised in this guideline can be obtained from the FSSU.

Financial Support Services Unit

Tel: 01-269 0677
info@fssu.ie

15th September 2025

# Táillí Cúrsa le Dul faoin Ardteistiméireacht in Athuair

## 1. Réamhrá

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna go gcaithfear forálacha uile Chiorclán M02/95 (Bliain Iar-Bhunscoile a Dhéanamh in Athuair) a chomhlíonadh agus iarratas ó scoláire le bliain Iar-Bhunscoile a dhéanamh in athuair á phróiseáil.

## 2. Incháilitheacht

Scoláirí a chuaigh faoi Scrúdú na hArdteistiméireachta cheana féin, féadtar iad a rollú arís mar scoláirí aitheanta le dul faoin Ardteistiméireacht (Bliain 2) agus faoin Scrúdú cuí den Ardteistiméireacht in athuair ach na táillí cuí cúrsa agus scrúdaithe a íoc.

## 3. Táille an Chúrsa

**Is é <u>€126.97</u> an táille in aghaidh an scoláire**. Scoláirí a bhfuil cárta leighis ag a dtuismitheoirí nó ag a gcaomhnóirí, beidh siad díolmhaithe ón táille chúrsa ach an cárta leighis a thaispeáint d'údaráis na scoile, Ciorclán 0095/2007.

Moltar do scoláirí a choinneáil i gcuimhne chomh maith go n-íoctar an táille chúrsa ar bhonn neamh-in-aisíoctha agus nach ndéanfar aon eisceacht ach amháin má fhaigheann an scoláire/tuismitheoir/caomhnóir cárta leighis roimh an 1 Feabhra sa bhliain acadúil ina mbeidh ant-athscrúdú le déanamh.

**Scoláirí ar ina leith a bhfuil an táille chúrsa dlite ach fós amuigh, ní chuirfear san áireamh mar scoláirí aitheanta iad chun críche soláthar foirne ná leithdháileadh deontas.**

## 4. Treoracha Íocaíochta

Ba chóir do scoileanna iomlán na dtáillí atá dlite agus Foirm M02/95C a chur ar ais, tráth nach déanaí ná an 6 Deireadh Fómhair sa scoilbhliain ina mbeidh an t-athscrúdú le déanamh, chuig:

Rannóg na Scoileanna Cúrsaí Airgeadais,
An Roinn Oideachais,
Corr na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí

**Ba chóir do sheiceanna a bheith iníoctha le**
**"An Cuntasóir, an Roinn Oideachais agus Óige"**

## 5. Tuilleadh Eolais

Is féidir tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil ar aon cheann de na saincheisteanna sa treoirlíne seo ach dul i dteagmháil leis an FSSU.

Financial Support Services Unit

Teil: 01-269 0677
info@fssu.ie

An 15 Meán Fómhair 2025